

Eleathanach 446

Dé Luain, an 16 Deireadh Fómhair 2023



Leabhar nua Gaeilge/Úcráinise do pháistí

Tá leabhar nua Gaeilge/Úcráinise foilsithe. *Spraoi / Zabava* an t-ainm atá ar an leabhar. Is leabhar dathúcháin é.

Tharraing Fearghas Mac Lochlainn na pictiúir sa leabhar dathúcháin. D'aistrigh Nadia Dobrianska na habairtí Gaeilge go hÚcráinis. Tá Gaeilge líofa aici. Is ón Úcráin í Nadia.



Oíche Shamhna

Oíche Shamhna a bheidh ann ag deireadh na míosa seo. Tá cáil ar Oíche Shamhna mar gheall ar bhob nó bia, ach tá stair shuimiúil ag an bhféile.

San ochtú haois déag, bhí an ceiliúradh ann chun eagla a chur ar spioraid. In Éirinn, shnoigh daoine aghaidh ar thornapaí chun eagla a chur ar spioraid.

Bíonn na dathanna dubh agus oráiste ceangailte le hOíche Shamhna, rud a léiríonn an t-athrú ón bhfómhar go dtí an geimhreadh. Baineann an t-oráiste le teas an fhómhair agus baineann an dubh le fuacht, dorchadas agus fad an gheimhridh.



Taylor Swift - The ERAS Tour

Tá 'The ERAS Tour' sna pictiúrlanna in Éirinn faoi láthair. Seo an chamchuart a rinne Taylor Swift.

Mar chuid den 'ERAS Tour' bhí 146 cheolchoirm ar siúl ag Taylor Swift. Thaistil sí go 3 ilchríoch. Bhí an cheolchoirm an-fhada - 180 nóiméad. Chan sí 44 amhrán. Tá deis agat Taylor Swift a fheiceáil sna pictiúrlanna anois.

Tá an-cháil ar an amhrán 'Love Story'. Cloisfidh tú 'Shake It Off' freisin má théann tú go dtí an pictiúrlann!